

Faisnéis faoin mbeart leantach a rinneadh maidir leis an ngearán a cláraíodh faoin uimhir thagartha CPLT(2013)02870 – Mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith bainte as conarthaí téarma shocraithe comhleantacha in earnáil phoiblí na hIodáile - uasdátú

Tagraíonn an Coimisiún Eorpach don tsraith gearán a fuair sé maidir leis easpa beart chun cosc a chur ar mhí-úsáid conarthaí téarma shocraithe comhleantacha in earnáil phoiblí na hIodáile agus an easpa pionós i gcásanna mí-úsáide.

Is iad seo a leanas na conarthaí agus na fostaithe lena mbaineann:

- baill foirne atá fostaithe i bhfondúireachtaí ceoldrámaíochta agus ceolfhoirne na hIodáile;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le múinteoirí agus le baill foirne cúnta de chineál riaracháin agus teicniúil chun folúntais shealadacha a líonadh;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le baill foirne cúraim sláinte, ar a n-áirítear bainisteoirí, sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte;
- conarthaí téarma shocraithe a thugtar i gcrích le hoibrithe in earnáil an ardoideachais san ealaín, sa cheol agus sa damhsa ('AFAM'), earnáil arb é an Ministero dell'Istruzione Università e Ricerca ('MIUR'), an Aireacht um Oideachas, um Ollscoileanna agus um Thaighde, atá ina údarás maoirseachta uirthi;
- conarthaí téarmaí shocraithe a thugtar i gcrích le baill foirne in institiúidí taighde poiblí;
- caidrimh fostaíochta idir fostóirí in earnáil na talmhaíochta agus oibrithe ar chonarthaí téarma shocraithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 12, fomhír 2 de Fhoraithe Reachtach Uimh. 373 an 11 Lúnasa 1993, go háirithe oibrithe foraoiseachta;
- gairmeacha chun seirbhíse ar fhoireann dheonach na briogáide náisiúnta dóiteáin.

Tá dálaí oibre is lú fabhar ag roinnt de na hoibrithe sin i gcomparáid le hoibrithe buana, go háirithe maidir le haitheantas a thabhairt do sheirbhísí a chuirtear ar fáil faoi chonarthaí ar chonarthaí téarma shocraithe.

Scrúdaigh an Coimisiún dlí ábhartha na hIodáile agus tháinig sé ar an gconclúid nach bhfuil sé i gcomhréir le clásal 4 agus le clásal 5 den Chreat-Chomhaontú maidir le hobair téarma shocraithe atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE¹. Dá bhrí sin, chinn sé tús a chur le nós imeachta um shárú (INFR(2014)4231)² trí litir fógra fhoirmiúil a sheoladh an 17 Iúil 2019. Eisíodh litir fógra fhoirmiúil bhreise an 3 Nollaig 2020.

An 19 Aibreán 2023 chuir an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig an Iodáil, ós rud é nach raibh na mínithe a thug an Iodáil ina freagraí ar na litreacha fógra fhoirmiúil a seoladh an 17 Iúil 2019 agus an 3 Nollaig 2020 sásúil. Tá 2 mhí ag an Iodáil fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta nithiúla a rinneadh chun an Treoir a chomhlíonadh. Mura ndéanfar amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an cás a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Coinneoidh an Coimisiún na gearánaigh ar an eolas tríd an suíomh gréasáin³ seo faoi aon bheart leantach a chinnfidh an Coimisiún a dhéanamh i leith an nós imeachta um shárú sin.

¹ Treoir 1999/70/CE ón gComhairle, an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gCreat-Chomhaontú maidir le hobair téarma shocraithe a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích (IO L 175, 10.7.1999, lch. 43).

² [Sárúithe \(europa.eu\)](https://european-council.europa.eu/media/en/press-communications/infographic/infographic-4231-1.pdf)

³ [Cinntí a ghlacadh i dtaca le ilghearáin \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/justice/justice-portal/en/infographic/infographic-4231-1)